

NUAIR A THIOCFAS CAINNT DO'N FHIACH DUBH.

Sagart a bhí ina theach agus cailín aimsire ann, ag réidhteach bídh dó. Tháinig gasúr isteach agus shuigh sé ar an teinntean. Bhí cáca a' bruith ar ghrideal—ní raibh bÁCús an t-am sin ann—le haghaidh an tsagairt. Badh ghearr gur dhubhairt an sagart é féin leis an gcailín:

"Tá an t-arán dhá dhógh" adeir sé. Ní mórán achair gur dhubhairt sé aríst "ta an t-arán dhógh." Níor labhair an gasúr go dtí sin. "Dhá dhógh ar ball" adeir sé agus an oiread oilc anois, sin é an t-ocht

Bhreathnaigh an sagart air agus níor labhair sé aon fhocal go raibh an cáca bruite, agus uibheacha dó agus an tae tarraingthe. Nuair a leag an cailín sin aige, an tae an t-arán agus na huibheacha, "marach do dheagh-labhairt féin ar ball" adeir an sagart, "bhéarfainn-se ubh dhuit féin anois."

D'fhreagair an gasúr é:

"Níorbh fhearr liom an chearc dá breith" adeir an gasúr.

D'ith an sagart a bhéile agus níor thug sé aon bhlas do'n ghasúr.

Nuair a bhí an béile ite aige tháinig sé anall agus rug sé ar chluais ar an ngasúr.

"Leig amach mo chluais" adeir an gasúr.

"Ni leigfead" adeir an sagart, "go n-innsighe tú dom cén uair a thiocfas cainnt do'n fhiach dubh."

"Innseochad" adeir an gasúr "nuair a shnámhfas an t-iorlach ar a bolg agus tiocfaidh an Fhrainc go Sliabh Glas, nach go gcaillfidh na sagairt a' tsainmh seadh thiocfas cainnt do'n fhiach dubh."